**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 27 Samhain 2025 (iarraidh ar réamhrialú ó Landesverwaltungsgericht Kärnten- an Ostair) – A.B. v Kärntner Landesregierung**

**(Cás C-356/24** [1]**, Kärntner Landesregierung (ardú céime don státseirbhíseach))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse gluaiseachta d'oibrithe – Airteagal 45 CFAE – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 7(1) – Beartas sóisialta – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Treoir 2000/78/CE – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais aoise – Luach saothair státseirbhíseach – Reachtaíocht náisiúnta lena n-eisiatar tréimhsí gníomhaíochta coibhéisí roimhe sin a cuireadh isteach i mBallstát eile a chur san áireamh – Eisiamh tar éis cinneadh, a thagann faoi rogha an riaracháin, ardú céime a thabhairt don státseirbhíseach – Ardú céime faoi réir líon áirithe blianta seirbhíse a bheith curtha isteach – Reachtaíocht náisiúnta lena n-eisiatar tréimhsí gníomhaíochta coibhéisí roimhe sin a cuireadh isteach sa Bhallstát lena mbaineann a chur san áireamh)***

(C/2026/426)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesverwaltungsgericht Kärnten

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* A.B.

*Cosantóir:* Kärntner Landesregierung

**An chuid oibríochtúil**

1. Maidir le hAirteagal 45(2) CFAE agus Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh.492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuireann siad bac ar reachtaíocht Bhallstáit faoina ndéantar tréimhsí gníomhaíochta coibhéisí a chuir duine isteach i Stát eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch sular ndeachaigh an duine sin isteach sa tseirbhís mar státseirbhíseach sa chéad Bhallstát agus nár cuireadh san áireamh roimhe sin chun críocha a aicmithe tuarastail, a chur san áireamh go cúlghabhálach i gcás ina bhfuil staid an státseirbhísigh sin maidir leis an scéim luacha saothair mar thoradh ar ardú incriminteach ar bhonn sinsearachta agus ní ar an ardú céime a tugadh dó de bhua cinneadh a thagann faoi rogha an riaracháin, i gcás nach ndéantar aon fhoráil maidir leis sin i ndáil le tréimhsí fostaíochta coibhéisí roimhe sin a cuireadh isteach san earnáil phríobháideach agus sa chríoch náisiúnta.

2. Maidir le hAirteagal 45(1) CFAE ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas cuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit faoina gcaithfear tréimhsí gníomhaíochta coibhéisí a chuir duine isteach i Stát an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch eile sula ndeachaigh an duine sin i mbun a dhualgas mar státseirbhíseach sa chéad Bhallstát agus nár cuireadh san áireamh roimhe sin chun críocha a aicmithe tuarastail, a chur san áireamh go cúlghabhálach i gcás ina n-eascraíonn staid an státseirbhísigh sin faoin scéim luacha saothair as ardú incriminteach ar bhonn sinsearachta seachas as an ardú céime a tugadh dó le cinneadh a thagann faoi rogha an riaracháin.

[1] IO C, C/2024/5075.

3. Maidir le hAirteagail 1, 2 agus 6 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit ar dá réir, ar dtús, nach féidir tréimhsí gníomhaíochta coibhéisí a chuir duine isteach i mBallstát eile sula ndeachaigh an duine sin i mbun a dhualgas mar státseirbhíseach sa chéad Bhallstát a chur san áireamh chun críocha a incrimintí i gcás inar tugadh ardú céime don státseirbhíseach sin de bhun cinneadh a thagann faoi rogha an riaracháin agus, ar an dara dul síos, nach féidir ardú céime den sórt sin, i bprionsabal, a thabhairt ach amháin tar éis tréimhse roinnt blianta seirbhíse, arna ríomh ó dháta tagartha an ardaithe incrimintigh, ar choinníoll, ar dtús, nach bhfuil líon na mblianta seirbhíse atá le cur isteach chun bheith incháilithe le haghaidh ardú céime chomh hard sin nach mbeadh ach státseirbhísigh scothaosta i gceist agus, ar an dara dul síos, go mbraitheann deonú ardaithe céime ar chritéir eile freisin, nach mbaineann le haois.